

[01\\_01b.wmv](#)

**Bileog 1.1b**

**Foinse:** TG4

**Clár:** Nuacht TG4

**Dáta:** 19 Márta 2009

**Intreoir:** Mír nuachta faoi bhás Natasha Richardson, bean chéile Liam Neeson.

**Áine Lally**

Dúirt an t-aisteoir Éireannach, Liam Neeson, go bhfuil an teaghlach cráite agus trína chéile tar éis bhás a mhná céile, an ban-aisteoir Natasha Richardson. Fuair Natasha Richardson, a bhí ceathracha a cúig bliain d'aois, bás in ospidéal i Nua Eabhrac aréir i ndiaidh drochghortú a fuair sí sa gcloigeann i dtimpiste sciála i gCeanada ag tús na seachtaine. Bhí Áine Ní Ghallchóir ar an mBaile Meánach i gContae Aontroma inniu, áit gurb as do Liam Neeson.

**Áine Ní Ghallchóir**

Anseo, ar an Bhaile Meánach a rugadh agus a tógadh Liam Neeson. Phós sé an ban-aisteoir (*an bhan-aisteoir* a deirtear) Natasha Richardson i 1994. Ba chuirteoirí rialta an bheirt acu agus a mbeirt mhac ar an bhaile seo, áit a bhfuil máthair Liam ina cónaí agus go leor eile de theaghlach Neeson agus áit atá iontach bródúil as an bheirt acu.

**Joan McQuillan, Coláiste Naomh Pádraig**

Bhí Liam Neeson ag freastal ar an scoil seo thart fán daichead bliain ó shin agus tá brón ar an scoil uilig inniu maidir le bás Natasha. Bhí an ardmháistreás ag caint le clann atá ina gcónaí anseo, le clann Neeson ar maidin agus déanaimid comhbhrón leo inniu.

**Áine Ní Ghallchóir**

Rinne polaiteoirí náisiúnacha agus aontachtacha ar an bhaile comhbhrón fosta agus bhí an dearcadh céanna ag muintir na háite faoin bhás.

(Béarla)

Ba san ionad sciála seo i gCeanada a bhí an timpiste ag Natasha Richardson ag tús na seachtaine. Bhain gortú inchinne di agus fuair sí bás aréir. Bhain sí cáil amach ar stáitse le drámaí cosúil le *Cabaret* agus clú idirnáisiúnta amach as scannáin cosúil le *Parent Trap* agus *Maid in Manhattan*. Chuidigh sí na milliúin dollar a bhailiú ar son charthanachtaí AIDS. Fuair a hathair bás mar gheall ar chúiseanna bainteach leis an ghalar.

Ina diaidh fágann Natasha Richardson a máthair, an buaiteoir (*an bhuaiteoir* a deirtear) *Oscar* Vanessa Redgrave, a fear céile Liam, agus a beirt mhac – Daniel, dhá bhliain déag agus Micheál, trí bliana déag.

Ar dheis Dé go raibh a hanam uasal.

[01\\_04.mp3](#)

**Bileog 1.4**

**Foinse:** RnaG

**Clár:** An Saol ó Dheas

**Dáta:** 01 Deireadh Fómhair 2008

**Intreoir:** Breandán Ó Cíobháin ag tabhairt a thuairime faoin suíomh idirlín [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie).

**Láithreoir**

Ach fós ag plé le cúrsaí ríomhaireachta, tá fear tagtha isteach anseo go bhfuil cur amach nach beag aige ar chúrsaí ríomhaireachta le fada an lá mar go deimhin bhí sé chun tosaigh ar mhórán daoine ó thaobh na ríomhaireachta agus na Gaolainne. Is cuimhin liom é ag caint blianta fada ó shin ar *Minitel*. Ach d'imigh *Minitel* is dócha, ó thaobh na tíre seo ach go háirithe. Sin é Breandán Ó Cíobháin - fáilte romhat a Bhreandáin.

**Breandán Ó Cíobháin**

Go raibh maith agat.

**Láithreoir**

An fáth go dtugamar cuireadh duit teacht isteach inniu ná go bhfuil suíomh idirlín eile á sheoladh ag an Aire Ó Cuív, Éamonn Ó Cuív, inniu i mBaile Átha Cliath, sin an suíomh [logainm.ie](http://logainm.ie) agus eolas nach beag agatsa ar na logainmneacha. Cad a déarfá leis an suíomh nua seo?

**Breandán Ó Cíobháin**

Mmm...féachann sé go deas agus...

**Láithreoir**

Beidh sé an-áisiúil ag lucht na Gaolainne dáiríre, teacht ar na leaganacha cearta de na logainmneacha, abair.

**Breandán Ó Cíobháin**

Is mór an dul chun cinn é ach caithfidh mé a rá nach bhfaighidh siad an leagan ceart i gcónaí. Ach sin scéal eile. Ba mhaith liom an suíomh a mholadh ar an gcéad dul síos. Is maith ann é agus mar a deireann tú, is iontach an áis ar fad a leithéid a bheith ag daoine.

**Láithreoir**

Mar, ní raibh a leithéid ann dáiríre, agus cad a bhí ar fáil ach an Gasaitéar agus cé go raibh sé sin go maith, abair, bhí sé an-theoranta. Tá sé seo i bhfad níos leithne, an bhfuil?

**Breandán Ó Cíobháin**

Bhuel, tá súil le Dia agam go n-úsáidfídh daoine anois é mar do bhí áiseanna cheana ann agus níor úsáideadh iad mar a deireann tú – An Gasaitéar agus liosta post oifigí agus a

leithéid sin ar fad. Á...is dócha go bhfuil a lán le tabhairt faoi ndeara ann. Ní maith liom a bheith á lochtú ach tá bearnaí móra ann nach léir do dhuine go dtí go gliceann sé ar nasc agus níl faic ar an dtaobh eile. *Now*, deir siad, an dtuigeann tú, go bhfuil an rud ag dul ar aghaidh agus *you know*, caithfear tuiscint leis sin.

### **Láithreoir**

Glacaimid leis, gan amhras, nach bhfuil sé críochnaithe.

### **Breandán Ó Cíobháin**

Ach mar sin féin, mar sin féin, nuair a chliceann tú i ndiaidh a chéile agus nach bhfuil faic agat i ndiaidh a chéile...

### **Láithreoir**

Bheadh amhras ort, abair. Abair, tá a fhios agam gur féidir dul isteach ar an suíomh seo anois agus ainm áite a lorg. Dheineas féin é cúpla turas, abair, bhí sé déanta cheana agam leis an bhfírinne, ach rudaí ar nós, tá áit ansin ar an slí isteach go Trá Lí – *Bunawonder*, agus cuireann sé iontas i gcónaí orm cén saghas ainm é. ‘Bun an Bhundair’ atá tugtha ar logainm.ie agus atá ar an gcomhartha bóthair chomh maith. Ní thuigim fós cén bunús atá leis, ach is cuma sin.



OÉ Má